## Cúinne an cheoil

## Turas go Nua Eabhrac

An Deireadh Fómhair seo caite bhí an t-ádh orm dul ag taisteal leis an gceolfhoireann *CBOI* go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chuamar timpeall Nua Eabhraic agus Washington ag cur ceolchoirmeacha ar siúl in áiteanna difriúla.

Seasann *CBOI* do *Cross Border Orchestra of Ireland*. Is ceolfhoireann mhór é atá lonnaithe faoi láthair i nDún Dealgan le timpeall 120 ball ann. Bunaíodh é chun feabhas a chur leis an gcaidreamh idir an dá thaobh den tír – Na Sé Chondae agus an Phoblacht. Is é Gearóid Grant an stiúrthóir faoi láthair, duine de na stiúrthóirí is fearr sa tír.

Chaitheamar seachtain thall. Thosaigh an turas le ceolchoirm i Nua Eabhraic. Bhí dhá cheolchoirm eile againn i Nua Eabhraic. Bhí an deis againn ceolchoirm a chur ar suíl sa ***Lincolm Center*** bunáit cheolfhoireann Nua Eabhraic. Líon muid an ceolárus iomlán!!

Ina dhiaidh sin, thaisteal muid ar aghaidh go dtí Washington DC. Sheinneamar dhá cheolchoirm ansin freisin - ceann acu i Scoil Cheoil Duke Ellington agus ceann eile in Ambasáid na hÉireann.

Bhí seans againn go leor siopadóireachta a dhéanamh chomh maith agus bhí cúpla cóisir againn freisin!!

Bhaineamar ar fad an-taitneamh as an turas seo cé go raibh tuirse an domhain orainn nuair a thánamar abhaile.

Gan dabht ar bith,  turas den scoth a bhí ann!

(Naoise Dack –Syntax Aylmer)

**Ceolfhoireann na scoile agus na grúpaí ceoil eile**

Bunaíodh ceolfhoireann Choláiste Bhelvedere i Nollaig 2006. Roimhe sin, ní raibh sa scoil ach grúpaí ceoil a cuireadh le chéile ó am go h-am - d'Aifreann na scoile nó do na ceoldrámaí éagsúla a bhíodh ar siúl i rith na scoilbliana. Níor leanadh leis na grúpaí sin.

Ach, i 2006 bheartaigh múinteoir ceoil ceolfhoireann a chur ar bun sa scoil. D'fhreastal ceathrar ar an gcéad cleachtadh ach d'fhás sé agus anois tá níos mó ná fiche duine sa cheolfhoireann. Seinnimid ceol clasaiceach don chuid is mó, mar shampla ceol *Bizet* agus *Dvořák*. Glacaimid páirt i bhfeiseanna agus san oíche íontach ceoil a bhíonn ar siúl go bliantúil sa triú téarma.

Le déanaí, cuireadh tús leis an "*Chamber Group*" le stíl nua seinme a chothú i measc na gceoltóirí is fearr gur spéis leo é. Tugtar seans do dhaoine atá ar chomhchaighdeán, seinm le chéile agus i ngrúpaí beaga. Seinneann muid píosaí ceoil a bhíonn níos dúshlánaí ná an ceolfhoireann chun ár gcuid scileanna a chothú. Seinneann muid ceol *Vivaldi* agus *Mozart* sa stíl sin.

Tá grúpa ceoil tradisiúnta sa scoil chomh maith a bhuaileann le chéile gach Luan ag am lóin chun ceol gaelach a sheinm.

Tá cultúr an ceoil ag bláthú i mBelvedere leis na grúpaí seo.

(Owen Killian: Syntax Aylmer)